**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2010***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Gnáthleibhéal*

## *Roinn A (60 marc)*

**Dé hAoine, 18 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 - 5.00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**

- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**

- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**

- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**

- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** |                |

# **ROINN A - Croíréimsí Staidéir -** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo


**A-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar clé thíos raicéad leadóige. Is éilips é ceann an raicéid.

Ar an líníocht ar dheis, is é AB an mhór-ais don éilips agus tá cuid den chuar tarraingthe cheana féin.

**(a)** Aimsigh an mhion-ais agus tóg an éilips iomlán.

**(b)** Aimsigh na pointí fócais don éilips.








**A-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos suíochán nua-aimseartha as forhalla óstáin.
Taispeántar bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe an tsuíocháin ar dheis.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló.

**(b)** Tarraing cló cúnta den suíochán a thaispeánfaidh an fhíoruillinn idir na dromchlaí A agus B.





**A-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos cón traenála atá i dteagmháil le liathróid peile (A) agus le liathróid cispheile (B) freisin mar a thaispeántar. Tá na trí mhír ina seasamh ar an urlár.

Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus ingearchló an chóin. Taispeántar sféar A freisin sa bhonnchló agus taispeántar sféar B san ingearchló.

**(a)** Tarraing ingearchló sféar A.

**(b)** Tarraing bonnchló sféar B.








**A-4.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos trí chéim ar an mbealach isteach chuig foirgneamh áirithe.

Taispeántar foireann aiseanna isiméadracha ar dheis. Tá ingearchló agus bonnchló neamhchríochnaithe na gcéimeanna suite i gcoibhneas leis na haiseanna mar a thaispeántar.

**(a)** Críochnaigh bonnchló an ruda.


**(b)** Críochnaigh an teilgean aismhéadrach.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2010*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn B agus Roinn C (180 marc)*

**Dé hAoine, 18 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 - 5.00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

| | |
|---|---|
| **ROINN A** | • Cuirtear ceithre cheist i láthair.<br>• Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.<br>• Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A. |
| **ROINN B** | • Cuirtear trí cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B. |
| **ROINN C** | • Cuirtear cúig cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C. |

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá tugtha ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

ROINN B - Croíréimsí Staidéir


Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta

**B-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D agus an sonra méadaithe sa bhalún cuid d'fhál adhmaid timpeall ar patio.


Taispeánann fíor B-1 thíos cuid de cheann amháin de na cuaillí dronuilleogacha agus ceann amháin de na ráillí cearnógacha ón bhfál.

Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar agus teilg taobhchló den chuaille agus den ráille.

Taispeáin na línte idirthreáite go léir.



**Scála 1:1**





**Fíor B-1**

**B-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis mionsamhail de theach gloine agus araid múirín ceangailte leis.


Taispeánann Fíor B-2 bonnchló agus ingearchló an tí gloine agus na haraide.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar.

**(b)** Tarraing ingearchló cúnta **an tí gloine agus na haraide múirín**, agus é teilgthe ón mbonnchló, a thaispeánfaidh fíorchruth dhromchla A ar an araid.




**Scála 1:1**




**Fíor B-2**


**B-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis mionsamhail de phuball agus fuinneog ina thaobh.

Taispeánann Fíor B-3 bonnchló agus ingearchló an phubaill.


**(a)** Tarraing an bonnchló a thugtar.

**(b)** Déan líníocht pheirspictíochta den struchtúr de réir na sonraí seo a leanas:

- Tá an breathnaitheoir suite 70mm ón gcoirnéal A.
- Tá plána an phictiúir i dteagmháil leis an gcoirnéal A.
- Tá an léaslíne 30mm os cionn líne na talún.



**Scála 1:1**




**Fíor B-3**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta

## Céimseata Gheolaíoch

**C-1.** Ar an léarscáil a ghabhann leis seo agus atá le fáil ar leathanach cúil Roinn A, taispeántar comhrianta talún agus iad cúig mhéadar ó chéile go ceartingearach.

**(a)** Ar an líníocht atá tugtha, tarraing gearradh ceartingearach (próifíl) feadh na líne AB.

**(b)** Aimsigh agus cuir in iúl, ina méadair, an difríocht uasta san airde atá taifeadta feadh na líne AB.

**(c)** Is pointí freagartha iad C, D agus E ar dhromchla stratam mianaigh.

Aimsigh treoíocht agus claonas an strataim.

**Scála 1:1000**

**C-2.** Is minic a úsáidtear dromchlaí parabólóideacha hipearbólóideacha i dtógáil foirgneamh amhail an haingir eitleáin a thaispeántar sa ghrafaic 3D ar dheis.




Taispeánann Fíor C-2 thíos an bonnchló agus an t-ingearchló a bhíonn ag dromchla tipiciúil parabólóideach hipearbólóideach, ABCD. Tá imlíne an bhonnchló dronuilleogach.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar den dromchla parabólóideach hipearbólóideach.

**(b)** Teilg taobhchló.

**Scála 1:1**




**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis dearadh do bhosca airgid.


Taispeántar bonnchló, ingearchló agus taobhchló an bhosca i bhFíor C-3.

**(a)** Tarraing na clónna a thugtar.

**(b)** Tarraing forbairt dromchla aonphíosa den bhosca airgid.

**Scála 1:1**






**Fíor C-3**

**C-4.** **(a)** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis bréagán atá le tarraingt. Baintear úsáid as ceam agus leantóir in-líneach faobhar scine istigh sa bhréagán chun an ceann a bhogadh suas síos de réir mar a rollann an bréagán.



Tá íosgha de 30mm ag an gceam, tá trastomhas 20mm ag an gceamsheafta agus rothlaíonn sé tuathal.

Tugann an ceam an ghluaisne seo a leanas don leantóir:

- 0° go 120° Ardú de 40mm le treoluas cothrom
- 120° go 180° Fosadh
- 180° go 360° Titim 40mm de ghluaisne shimplí armónach.

Tarraing an léaráid díláithriúcháin **agus** próifíl an cheama.

**Scála 1:1**


**(b)** Is minic a úsáidtear Roth Tomhais, mar a thaispeántar sa ghrafaic 3D ar dheis, chun fad a thomhas trína rolladh feadh dromchlaí.



I bhFíor C-4(b) thíos, seasann an ciorcal C d'imlíne an rotha. Sa learáid rollann an ciorcal C deiseal feadh na líne AB ar feadh imrothlú iomlán amháin.

Breac lócas an phointe P don ghluaisne seo.

**Scála 1:1**




**Fíor C-4(b)**

# Cóimeálacha

**C-5.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis Teilgeoir Sonraí a bhíonn feistithe go minic ar an tsíleáil i seomra ranga GDC.




Tugtar sonraí de Bhrac Gléasta i bhFíor C-5 agus tá an liosta páirteanna táblaithe thíos. Taispeántar freisin grafaic 3D de na páirteanna aonair.

***Nóta:*** *Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as Taobhchló Chuid 1 ar mhaithe le soiléireacht.*


Tarraing an tras-ingearchló A-A den Bhrac Gléasta cóimeáilte.
*(Féadfar na toisí a fhágtar ar lár a mheas.)*

**Scála 1:1**




**Fíor C-5**

| Páirt | Ainm | Líon |
|---|---|---|
| 1 | Brac Gléasta | 1 |
| 2 | Pláta Feistithe | 1 |
| 3 | Pionna Cónaisc | 1 |
| 4 | Bolta M8 | 2 |
| 5 | Cnó M8 | 2 |
| 6 | Leicneán M8 | 2 |



Leathanach Bán

Leathanach
Bán

Leathanach
Bán